FODHLÍTHE CORR-THRÁDÁLA (RIALÚ AGUS AINMNIÚ)

arna ndéanamh faoin

ACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995

Fodhlíthe arna ndéanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an 22 Iúil 2003

23/7/2003

CUID 1

Mínithe:

1. Sna Fodhlíthe seo, ach i gcás go bhfuil a malairt luaite go sainráite, tá an bhrí, a shanntar dóibh leis seo, ag na focail seo a leanas faoi seach, is é sin le rá:

go gciallaíonn "an tAcht"	An tAcht Corr-Thrádála, 1995;
go gciallaíonn "Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath"	an t-údarás áitiúil le haghaidh Chathair Bhaile Átha Cliath mar atá leagtha amach in Ailt 10 agus 11 agus i sceideal 5 den Acht Rialtais Áitiúil 2001;
go gciallaíonn "Limistéar Ainmnithe"	Limistéar atá marcáilte le dath dearg ar na léarscáileanna a ghabhann leis seo agus atá liostaithe i gCuid III de seo agus é arna ainmniú mar limistéar corrthrádála;
go gciallaíonn "Ceadúnas"	ceadúnas corrthrádála a eisíodh faoin Acht Corr-Thrádála, 1995;
go gciallaíonn "Corr-Thrádáil"	earraí a dhíol in áit (lena n-áirítear bóthar poiblí) ar a bhfuil rochtain ó cheart ag an bpobal nó in aon áit eile ar limistéar corrthrádála í mar a mhínítear san Acht ach nach gcuimsíonn an aicme díola seo a leanas: díol nuachtán agus irisí in áiteanna seanbhunaithe nó traidisiúnta; Ní shaorann an t-eisiamh sin an díoltóir ón bhfreagracht cloí leis na ceanglais uile atá riachtanach faoi chóid eile reachtaíochta agus ina measc sin rialacháin tráchta agus pháirceála, Alt 71 d'Acht na mBóithre, 1993 agus Alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt,2000;
go gciallaíonn "Trádáil ar Ócáidí"	Corrthrádáil ceadúnaithe ar ócáid nó ar ócáidí a shonraítear ar an gceadúnas nó san áit nó i ngarchomharsanacht na háite a mbeidh an ócáid agus ar an lá nó ar na laethanta a mbeidh an ócáid ann;
go gciallaíonn "Ionad Trádála"	spás i limistéar ainmnithe agus a theorainn arna marcáil amach le péint nó le brící a bhfuil dath difriúil orthu; ní bheidh achar an ionaid trádála níos mó ná 4 mhéadar chearnacha;
go gciallaíonn "Sealbhóir Ceadúnais"	duine ar eisíodh ceadúnas dó nó seirbhíseach nó gníomhaire an tsealbhóra ceadúnais agus é nó í ag gníomhú ar son an tsealbhóra ceadúnais;
go gciallaíonn "Oifigeach Údaraithe"	fostaí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó duine eile arna cheapadh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun chríocha an Achta.

CUID II

LIMISTÉAR CORR-THRÁDÁLA

1. Ainmnítear leis seo gach ceann de na tailte, a bhfuil a dtuairisc i gCuid III agus mar atá leagtha amach i sceideal na léarscáileanna a ghabhann leis seo, mar limistéar corrthrádála chun críocha an Achta.

CEADÚNAS

2. Ní mór d'iarratasóir ar cheadúnas an táille iomchuí a íoc le haghaidh an chineáil earraí a bheidh le díol sa limistéar áirithe atá ainmnithe. Luafar ar an gceadúnas an cineál earraí a fhéadfar a dhíol agus ní dhíolfaidh an sealbhóir ceadúnais ach earraí den chineál atá luaite ar an gceadúnas agus a bhfuil na táillí iomchuí ceadúnais íoctha ina leith. Tá Sceideal na dtáillí le haghaidh na limistéar trádála ainmnithe leagtha amach i bhFodhlíthe na dTáillí a rinneadh faoin Acht Corr-Thrádála 1995.

Ní mór d'iarratasóir ar cheadúnas le haghaidh trádála ar ócáidí an táille iomchuí a íoc le haghaidh an chineáil earraí a bheidh le díol faoin gceannteideal iomchuí mar atá leagtha amach i bhFodhlíthe na dTáillí a rinneadh faoin Acht Corr-Thrádála 1995.

Ní fhéadfaidh sealbhóir Ceadúnas Corr-Thrádála a dhíol nó a ligean ar cíos.

IONAD TRÁDÁLA

3. Ní ghabhfaidh sealbhóir ceadúnais do chorrthrádáil ach laistigh den spás a thugtar don sealbhóir ceadúnais in áit ainmnithe ar spás í a shainaithneofar trí thuairisc i gceadúnas an tsealbhóra ceadúnais agus a theorainn arna marcáil amach le péint nó le brící a bhfuil dath difriúil orthu.

TRÁTHANNA TRÁDÁLA

4. Ní ghabhfaidh sealbhóir ceadúnais do chorrthrádáil ach le linn na dtráthanna agus na laethanta a shonraítear agus a thaispeántar ar an gceadúnas. I gcás Chearnóg Mhuirfean Thoir, eiseofar ceadúnais le haghaidh Dé Sathairn nó Dé Domhnaigh.

UIMHIR CHEADÚNAIS A THAISPEÁINT

5. Taispeánfaidh an sealbhóir ceadúnais uimhir an cheadúnais go suntasach in ionad trádála an tsealbhóra ceadúnais agus in áit ina mbeidh sí le feiceáil go soiléir agus soléite ag daoine den phobal gach tráth i rith uaireanta trádála. Má iarrtar air nó uirthi amhlaidh, tabharfaidh an sealbhóir ceadúnais an ceadúnas ar aird d'aon duine ar éileamh.

BRUSCAR

6. Soláthróidh agus úsáidfidh sealbhóir ceadúnais, ar chostas an tsealbhóra ceadúnais féin, gabhdán oiriúnach a chomhlíonann ceanglais Oifigigh Údaraithe de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun bruscar / dramhaíl a dhiúscairt, agus coinneoidh sé nó sí an t-ionad trádála agus an limistéar ina thimpeall glan slachtmhar gach tráth. Ní mór gach bruscar agus dramhaíl a thabhairt ar shiúl ag deireadh gach lae trádála. Tabharfar na hearraí agus an stoc uile ar shiúl ón ionad trádála ag deireadh gach lae trádála.

STALLA	7. Ní úsáidfidh sealbhóir ceadúnais stalla ná gabhdán eile dá shamhail chun earraí a iompar nó a thaispeáint murab é an cineál é atá ceadaithe ag Oifigeach Údaraithe de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus tabharfaidh sé nó sí an céanna ar shiúl ag deireadh gach lae trádála. Féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon stalla nó gabhdán dá shamhail a thabhairt ar shiúl má thagtar air lasmuigh d'uaireanta trádála. Ní bheidh stallaí níos mó ná 2m ar airde.
OIBLEAGÁIDÍ CLOÍ LE TREORACHA	8. Le linn do shealbhóir ceadúnais ionad trádála a áitiú ní mór dó nó di gach iarraidh dhleathach ó oifigeach údaraithe nó ó chomhalta den Gharda Síochána a comhlíonadh.
CIONTA	9. Beidh duine a sháróidh Fodhlí ciontach i gcion.
PIONÓS	10. Gach duine, a dhéanfaidh sárú ar aon cheann de na Fodhlíthe sin roimhe seo, dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair mar gheall ar gach sárú den sórt sin, fíneáil nach mó ná €1,269.74 a chur air nó uirthi. Féadfar ceadúnais a chúlghairm de bharr nár fanadh laistigh den ionad trádála agus / nó nár tugadh bruscar ar shiúl.
FODHLITHE A CHÚLGHAIRM	11. Ón dáta a dhaingneofar na Fodhlíthe seo agus ina dhiaidh sin, beidh na Fodhlíthe, a bhaineann leis an Acht Corr-Thrádála agus a rinneadh ar an 2 Nollaig 2002, arna aisghairm.
FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA	12. Féadfaidh sé go gcuirfear eisiúint ceadúnas le haghaidh ionad trádála ar fionraí go sealadach le hordú forghníomhaithe chun go n-éascófar foirgniú / forbairt / cothabháil bóthair, cosáin nó bonneagair ar láithreáin atá tadhlach leis an ionad nó ar chúiseanna oibriúcháin eile.
IONAID TRÁDÁLA EILE	13. Féadfaidh sé go gcuirfear ceadúnas atá ann le haghaidh ionad trádála ar fionraí go sealadach le hordú forghníomhaithe chun go n-éascófar foirgniú / forbairt / cothabháil bóthair, cosáin nó bonneagair ar láithreáin atá tadhlach leis an ionad nó ar chúiseanna oibriúcháin eile. De réir mar is iomchuí, féadfaidh an t-údarás áitiúil ionaid eile trádála laistigh de limistéir ainmnithe a shannadh do shealbhóirí ceadúnais atá ann, ach sin faoi réir ionaid a bheith ar fáil.

CUID III

Limistéir agus Tráthanna Ainmnithe Trádála

LIMISTÉIR AINMNITHE MAR ATÁ MARCÁILTE LE HIMLÍNE DHEARG AR NA LÉARSCÁILEANNA A GHABHANN LEIS SEO **UIMH. THAG. LÉARSCÁILE**	**TRÁTHANNA TRÁDÁLA**
Sráid na Mainistreach Láir: **11543** Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht Bláthanna	Luan - Satharn 9 a.m. - 6.30 p.m.
Sráid Anna Theas: **11543/8** Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht	Luan - Satharn 10 a.m. – 6.30 p.m.
Sráid Bhagóid Íochtarach: **11543/12** Bláthanna	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Sráid Camden: **11543/30/31** Torthaí agus Glasraí Bláthanna	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
***Bóthar Dhroichead Chairdif, Fionnghlas**:* **11543/19** Éadaí Bláthanna Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht Earraí tí ilchineálacha **Milseogra**	Dé Domhnaigh amháin 9 a.m. – 2.30 p.m.
Sráid Chatham: **11543/8** Bláthanna	Luan - Satharn 10 a.m. – 6.30 p.m.
Lána Cole: **11543/3** Bláthanna Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht Éadaí	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Faiche an Choláiste: **11543/20** Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Sráid Cumberland Thuaidh **11543/5**	

Earraí tí ilchineálacha Éadaí Bric-a-brac	Dé Sathairn amháin 8 a.m. – 2p.m.

LIMISTÉIR AINMNITHE MAR ATÁ MARCÁILTE LE HIMLÍNE DHEARG AR NA LÉARSCÁILEANNA A GHABHANN LEIS SEO UIMH. THAG. LÉARSCÁILE	**TRÁTHANNA TRÁDÁLA**
Darndál: **(Scoirfear den ainmniúcháin sin a luaithe a bheidh an fhorbairt críochnaithe nó ar an 31 lúil 2004, cibé acu is túisce.) 11543/32** Bia Te agus Deochanna Boga	Luan – Domhnach 11 a.m. – meán oíche
Sráid an Diúic: **11543/7** Bláthanna Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht	Luan - Satharn 10 a.m. - 6.30 p.m.
Acomhal Shráid na hÉirne le Sráid an Phiarsaigh: Torthaí agus Glasraí **11543/10**	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Sráid Mhic Pháid: **11543/11** Bláthanna	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Bóthar Fhionnghlaise **11543/6 & 11543/18** Bláthanna	Luan – Domhnach 9 a.m. – 6.30 p.m.
Sráid Halstone **11543/21** Ealaíona agus Ceardaíocht (saothar bunaidh na sealbhóirí ceadúnais) **Péintéireachtaí agus Líníochtaí (saothar bunaidh na sealbhóirí ceadúnais)**	Satharn agus Domhnach agus 1 – 24 Nollaig 10.30 a.m. - -6.30 p.m.
Bóthar Chrois Araild: **11543/15** ***(Reilig Mhoin Ioróm)*** Bláthanna	Luan – Domhnach 9 a.m. – 6.30 p.m.
Sráid Harry: **11543/8** Bláthanna	Luan - Satharn 10 a.m. – 6.30 p.m.
Plás Anraí: **11543** Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht Éadaí Póstaeir	Luan - Satharn 1 Eanáir – 30 Samhain agus 27 Nollaig – 31 Nollaig 10.00 a.m. - 6.30 p.m.
Sráid Anraí/Sráid Mhuire**: 11543/25** Earraí Nollag	Luan – Domhnach 1 – 24 Nollaig 10 a.m. - 6.30 p.m.
Sráid Lemon: **11543/7** Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht	Luan - Satharn 10 a.m. – 6.30 p.m.

Sráid na Life Íochtarach: **11543/16** Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht Bláthanna	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.

LIMISTÉIR AINMNITHE MAR ATÁ MARCÁILTE LE HIMLÍNE DHEARG AR NA LÉARSCÁILEANNA A GHABHANN LEIS SEO UIMH. THAG. LÉARSCÁILE	**TRÁTHANNA TRÁDÁLA**
Sráid Mhaoilbhríde: **11543/4** Torthaí agus Glasraí Bláthanna	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Cearnóg Mhuirfean**:** **11543/35** Péintéireachtaí agus Líníochtaí (saothar bunaidh na sealbhóirí ceadúnais)	Satharn, Domhnach agus 1 – 24 Nollaig 10.30 a.m. - 6.30 p.m.
Sráid an Mhúraigh: **11543/2** Torthaí agus Glasraí Bláthanna Milseogra Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht Éadaí	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Trádáil Oíche: Díol bia the /fhuair agus deochanna neamhalcólacha Droichead Uí Chonaill **11949** Sráid Grafton **11949-1** Sráid Camden Íochtarach: **11949-2** Faiche an Choláiste: **11949-3** Sráid Haiste Íochtarach**:** **11949-4** Sráid Cuffe: **11949-5**	Déardaoin – Domhnach 11.00 p.m. – 4.00 a.m.
Droichead Uí Chonaill **11543/1** Bláthanna Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
Sráid Uí Chonaill **11543** Bláthanna	Luan - Satharn 9 a.m. - 6.30 p.m.
Cearnóg Parnell Thuaidh: **11543/17** Péintéireachtaí agus Líníochtaí (saothar bunaidh na sealbhóirí ceadúnais)	Satharn, Domhnach agus 1 – 24 Nollaig 10.30 a.m. – 6.30 p.m.
Páirc Phádraig **(Ráillí): 10952/27** Péintéireachtaí agus Líníochtaí (saothar bunaidh na sealbhóirí ceadúnais)	Satharn, Domhnach agus 1 – 24 Nollaig

LIMISTÉIR AINMNITHE MAR ATÁ MARCÁILTE LE HIMLÍNE DHEARG AR NA LÉARSCÁILEANNA A GHABHANN LEIS SEO UIMH. THAG. LÉARSCÁILE	**TRÁTHANNA TRÁDÁLA**
***Sráid Thomáis*: 11543/13** Torthaí agus Glasraí Bláthanna Milseogra Earraí Tí Ilchineálacha Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht Éadaí	Luan - Satharn 9 a.m. – 6.30 p.m.
***Sráid Chláir Fhada:* 11543/14** Torthaí agus Glasraí	Luan - Satharn 9 a.m. - 6.30 p.m.
***Sráid Chill Mhantáin:* 11543/7** Seodra, Gabhálais Faisin, Cuimhneacháin agus Ceardaíocht	Luan - Satharn 10 a.m. – 6.30 p.m.
***Páirc Wolfe Tone*: 11543/29** **Ealaíona agus Ceardaíocht (saothar bunaidh na sealbhóirí ceadúnais)** **Péintéireachtaí agus Líníochtaí (saothar bunaidh na sealbhóirí ceadúnais)** **Margadh Bia Bheadaí, buntáirgeoirí, bia orgánach, agus sain-dírallmhaireoirí**	Satharn, Domhnach agus 1 – 24 Nollaig (seachas Déardaoin agus Dé hAoine) 10.00 a.m. - 6.30 p.m. Aoine 10.00 a.m. – 6.30 p.m. agus Déardaoin agus Dé hAoine idir 1 agus 24 Nollaig

Tiocfaidh na Fodhlíthe seo in éifeacht ar an 23 Iúil 2003.

DO NA DAOINE LENA MBAINEANN

I LÁTHAIR nuair a greamaíodh Séala Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de seo bhí:

_____
An Bainisteoir Cathrach

Is é an leagan Béarla an bhunchóip den doiciméad seo.